II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1096 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Aibreán 2021

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le forálacha maidir le lipéadú le haghaidh cumasc

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcóil eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/787, rinneadh an fhoclaíocht a athrú go substaintiúil i bhforálacha áirithe maidir le táirgeadh agus lipéadú a bhaineann le deochanna biotáilleacha agus earraí bia a tháirgtear trí dheochanna biotáilleacha a úsáid mar chomhábhair.

(2) Go háirithe, le hAirteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2019/787, leathnaítear na forálacha maidir le lipéadú le haghaidh meascáin as a n-eascraíonn deochanna biotáilleacha nach gcomhlíonann na ceanglais a bhaineann le haon chatagóir de dheochanna biotáilleacha chuig cumaisc a eascraíonn as teaglaim de dheochanna biotáilleacha ar le tásca geografacha éagsúla iad nó as teaglaim de dheochanna biotáilleacha ar le tásca geografacha iad arna meascadh le deochanna biotáilleacha nach le haon tásc geografach iad.

(3) Dá bhrí sin, de réir Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2019/787, ní fhéadfar na hainmneacha dlíthiúla dá bhforáiltear i gcatagóirí na ndeochanna biotáilleacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin ná na tásca geografacha le haghaidh deochanna biotáilleacha a léiriú ach ar liosta na gcomhábhar alcólach atá sa réimse radhairc céanna le hainm dlíthiúil na dí biotáillí. Tá i gceist leis sin nach bhféadfar an chatagóir de dheochanna biotáilleacha lena mbaineann cumasc a chumhdaítear leis an bhforáil sin a úsáid mar a hainm dlíthiúil. Baineann an t-aon eisceacht dá bhforáiltear san Airteagal sin le cumaisc a dhéantar de dheochanna biotáilleacha ar leis an tásc geografach céanna iad nó cumaisc nach le tásc geografach aon cheann de na deochanna biotáilleacha. Maidir leis na cumaisc sin, tá i gceist leis sin go bhféadfaidh siad an chatagóir shonrach de dheochanna biotáilleacha a úsáid mar a n-ainm dlíthiúil ina dtuairisc, cur i láthair agus lipéadú.

(4) Mar sin féin, de réir na sainmhínithe dá bhforáiltear in Airteagal 3(11) agus Airteagal 3(12) de Rialachán (AE) 2019/787, is teaglaim de dhá cheann nó níos mó de dheochanna biotáilleacha den chatagóir chéanna iad cumaisc nach bhfuil d'idirdhealú eatarthu ach difríochtaí beaga i gcomhdhéanamh. Dá bhrí sin, is gá gur den chatagóir chéanna de dheochanna biotáilleacha leis na deochanna biotáilleacha bunaidh sular cumascadh iad na deochanna biotáilleacha a tháirgfear ar an dóigh sin. Foráiltear le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin go ndéanfaidh deochanna biotáilleacha a chomhlíonann na ceanglais de chatagóir deochanna biotáilleacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin ainm na catagóire sin a úsáid mar a n-ainm dlíthiúil. I gcomhréir leis an gceanglas sin, beidh cead ag gach cumasc agus ní hamháin na cumaisc atá díolmhaithe ón gceathrú fomhír d'Airteagal 13(3) den Rialachán sin ainm na catagóire ar leis iad a úsáid mar ainm dlíthiúil.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 1.

(5) Dá bhrí sin, chun an neamhréireacht a réiteach idir na hoibleagáidí lipéadaithe le haghaidh cumaisc a eascraíonn as Airteagal 10(2) agus Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2019/787 agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do tháirgeoirí deochanna biotáilleacha agus faisnéis dhlisteanach a áirithiú do thomhaltóirí, is cuí na forálacha sonracha maidir le lipéadú is infheidhme maidir le cumaisc lena n-áirítear cumaisc a eascraíonn as teaglaim de dheochanna biotáilleacha ar le tásca geografacha éagsúla iad nó as teaglaim de dheochanna biotáilleacha ar le tásca geografacha iad arna mheascadh le deochanna biotáilleacha nach le haon tásc geografach iad. Is gá Airteagal 3(3) agus Airteagal 10(7) den Rialachán sin a leasú freisin, ina dtagraítear do na forálacha sonracha sin maidir le lipéadú.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/787 a leasú dá réir.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 51(3) de Rialachán (AE) 2019/787 agus chun folús rialála d'aon sórt a sheachaint, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán seo ón 25 Bealtaine 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/787 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

"(3) ciallaíonn 'tagairt' tagairt dhíreach nó indíreach do cheann amháin nó níos mó de na hainmneacha dlíthiúla dá bhforáiltear i gcatagóirí na ndeochanna biotáilleacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó do cheann amháin nó níos mó de thásca geografacha le haghaidh deochanna biotáilleacha, seachas tagairt i gcomhthéarma nó ar liosta comhábhar dá dtagraítear in Airteagal 13(2) go (4), i dtuairisc, i gcur i láthair nó i lipéadú na nithe seo a leanas:

(a) earra bia seachas deoch bhiotáilleach, nó

(b) deoch bhiotáilleach a chomhlíonann ceanglais chatagóirí 33 go 40 d'Iarscríbhinn I;";

(2) in Airteagal 10(7), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"7. Gan dochar d'Airteagal 11 agus Airteagal 12 agus d'Airteagal 13(2) go (4), toirmeascfar úsáid na n-ainmneacha dlíthiúla dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo nó úsáid tásc geografach i dtuairisc, i gcur i láthair nó i lipéadú aon dí nach gcomhlíonann ceanglais na catagóire ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó úsáid an táisc gheografaigh ábhartha. Beidh feidhm ag an toirmeasc sin freisin i gcás ina mbainfear úsáid as ainmneacha dlíthiúla den sórt sin nó as tásca geografacha den sórt sin i gcomhar le focail nó frásaí amhail 'cosúil', 'cineál', 'stíl', 'déanta', 'blas' nó aon téarmaí comhchosúla eile.";

(3) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcás meascáin, ní fhéadfar na hainmneacha dlíthiúla dá bhforáiltear i gcatagóirí na ndeochanna biotáilleacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I ná na tásca geografacha le haghaidh deochanna biotáilleacha a léiriú ach ar liosta na gcomhábhar alcólach atá sa réimse radhairc céanna le hainm dlíthiúil na dí biotáillí.

Sa chás dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh ar a laghad ceann amháin de na téarmaí dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 10(6) ag gabháil le liosta na gcomhábhar alcólach. Beidh liosta na gcomhábhar alcólach agus an téarma a ghabhann leis sa réimse radhairc céanna le hainm dlíthiúil an mheascáin, i gcarachtair aonfhoirmeacha a bhfuil an cló céanna agus an dath céanna orthu agus i gclómhéid nach mó ná leath na clómhéide a úsáidtear don ainm dlíthiúil.

Sa bhreis air sin, déanfar cion gach comhábhair alcólaigh ar liosta na gcomhábhar alcólach a shloinneadh uair amháin ar a laghad mar chéatadán, in ord íslitheach na gcainníochtaí a úsáidtear. Beidh an cion sin comhionann leis an gcéatadán de réir toirte d'alcól íon dá léirítear sa mhéid iomlán d'alcól íon de réir toirte den mheascán.";

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"3a. I gcás cumaisc, beidh an t-ainm dlíthiúil dá bhforáiltear sa chatagóir ábhartha de dheochanna biotáilleacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I ar an deoch bhiotáilleach.

I gcás cumaisc a eascraíonn as teaglaim de dheochanna biotáilleacha ar le tásca geografacha éagsúla iad nó as teaglaim de dheochanna biotáilleacha ar le tásca geografacha iad arna meascadh le deochanna biotáilleacha nach le haon tásc geografach iad, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

(a) féadfar na hainmneacha dlíthiúla a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó tásca geografacha a chomhfhreagraíonn do na deochanna biotáilleacha a cumascadh a thaispeáint i dtuairisc, i gcur i láthair nó i lipéadú an chumaisc, ar choinníoll go bhfuil na hainmneacha sin:

(i) ar liosta de na comhábhair alcólacha ar fad atá sa chumasc, agus sa liosta sin amháin, agus beidh siad le feiceáil i gcarachtair aonfhoirmeacha a bhfuil an cló céanna agus an dath céanna orthu agus i gclómhéid nach mó ná leath na clómhéide a úsáidtear don ainm dlíthiúil; agus

(ii) uair amháin ar a laghad sa réimse radhairc céanna le hainm dlíthiúil an chumaisc;

(b) beidh ar a laghad ceann amháin de na téarmaí dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 10(6) ag gabháil le liosta na gcomhábhar alcólach;

(c) déanfar cion gach comhábhair alcólaigh ar liosta na gcomhábhar alcólach a shloinneadh uair amháin ar a laghad mar chéatadán, in ord íslitheach na gcainníochtaí a úsáidtear. Beidh an cion sin comhionann leis an gcéatadán de réir toirte d'alcól íon dá léirítear sa mhéid iomlán d'alcól íon de réir toirte den chumasc.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 25 Bealtaine 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN